An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Ráiteas Príobháideachais don Chomhairliúchán Poiblí maidir le leasú beartaithe ar Chuid D de na Rialacháin Foirgníochta (Ábhair agus Saoirseacht)

## Cé muid féin

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an roinn rialtais atá freagrach as-

- Tithíocht agus uisce
- Pleanáil fhisiceach agus spásúil
- Rialtas áitiúil
- Réamhaisnéisiú na haimsire
- Oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

Táimid tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Tugtar eolas duit sa ráiteas seo faoi conas agus cén fáth a bhfuilimid ag úsáid do shonraí pearsanta don chomhairliúchán poiblí maidir le leasú beartaithe ar Chuid D de na Rialacháin Foirgníochta (Ábhair agus Saoirseacht), agus cad iad na cearta atá agat maidir leis seo. Is muidne an rialaitheoir sonraí sa chás seo, rud a chiallaíonn go bhfuilimid freagrach as na sonraí sin a úsáid agus a stóráil.

## Catagóirí sonraí pearsanta

Déanaimid na sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil don chomhairliúchán poiblí ar leasú beartaithe ar Chuid D de na Rialacháin Foirgníochta (Ábhair agus Saoirseacht):

- Ainmneacha, seoltaí ríomhphoist, seoltaí.

## Foinse na sonraí pearsanta

Chuir tú do shonraí pearsanta ar fáil dúinn mar chuid de d'aighneacht chuig an gcomhairliúchán poiblí.

## Cuspóirí na próiseála

Úsáidfimid do shonraí pearsanta mar bhonn eolais chun an méid seo a leanas a thabhairt chun críche:

- Na Rialacháin um na Rialacháin Foirgníochta (Leasú Chuid D) 2026,
- Treoirdhoiciméad Teicniúil D – Ábhair agus Saoirseacht, agus
- Anailís Deiridh ar Thionchar Rialála.

Féadfar na sonraí a chuirtear ar fáil a úsáid go hinmheánach le haghaidh iniúchta nó chun críocha comhlíonta eile. Ní phróiseálfar do shonraí pearsanta a thuilleadh ar bhealach nach luíonn leis an gcríoch dár bailíodh iad ach i gcás ina gceanglaítear nó ina gceadaítear leis an dlí é.

## Próifíliú

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhailítear uait maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar leasú molta ar Chuid D de na Rialacháin Foirgníochta (Ábhair agus Ceardaíocht) le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, nó chun críocha próifílithe.

## Dlíthiúlacht na próiseála

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6 (1) (e):
“tá gá le próiseáil chun tasc a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;”

Is é an reachtaíocht atá mar bhonn leis an mbunús dlí seo ná an tAcht um Rialú Foirgníochta 1990-2025.

## Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun d’fhaisnéis a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, in ainneoin na mbeart seo, níl aon chóras slándála foirfe ná dorochtana, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne idircheaptha nó mí-úsáide. Sa chás go gcuirtear do chuid sonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na roinne chun feidhme.

## Faighteoirí na sonraí

Féadfar sonraí pearsanta a roinnt le Ranna Rialtais eile, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na roinne nó comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe ina bhforálfar maidir leis sin leis an dlí.

## Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh i ndáil leis an gcomhairliúchán poiblí ar leasú beartaithe ar Chuid D de na Rialacháin Foirgníochta (Ábhair agus Saoirseacht) chuig aon tír ná eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

## Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar bailíodh agus ar próiseáladh iad. I gcomhréir le ceanglais reachtúla agus gnó, is é ceithre bliana an tréimhse coinneála sonraí do do shonraí pearsanta, sa chás seo.

## Do chearta

Tá Beartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus tá sé ar fáil i gcóip chrua freisin ach é a iarraidh. Leagtar amach sa bheartas seo an tslí a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta, agus soláthraítear freisin faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir leis an gceart chun rochtana, an ceart chun ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil, an ceart chun agóid a dhéanamh). Má bhreithníonn tú gur sáraíodh do chearta, tá an ceart agat chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (www.dataprotection.ie), agus tá an ceart agat chun leigheas breithiúnach a lorg.

## Déan teagmháil linn

Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí nuair a bheidh do shonraí pearsanta á bpróiseáil chun na gcríoch atá leagtha amach thuas. Tá sonraí teagmhála na Roinne ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/organisation-information/839bc-contact-the-department-of-housing-local-government-and-heritage/

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Roinn chun tacú lena comhlíonadh leis an dlí cosanta sonraí. Is iad sonraí teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Bóthar an Bhaile Nua
Loch Garman
Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie